



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

---

**LÁIDIN – ARDLEIBHÉAL**  
(400 marc)

---

**DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

---

1.

[80]

(i) Cuir Gaeilge ar:-

(50)

Illa “quis et me,” inquit, “miseram et te perdidit, Orpheu,  
quis tantus furor? en iterum crudelia retro  
fata vocant conditque natantia lumina somnus.  
iamque vale: feror ingenti circumdata nocte  
invalidasque tibi tendens, heu! non tua, palmas.”  
dixit et ex oculis subito, ceu fumus in auras  
commixtus tenues, fugit diversa, neque illum  
prensantem nequiquam umbras et multa volentem  
dicere praeterea vidit; nec portitor Orci  
amplius obiectam passus transire paludem.  
quid faceret? quo se rapta bis coniuge ferret?  
quo fletu manes, qua numina voce moveret?  
illa quidem Stygia nabat iam frigida cumba.

### VEIRGIL

(ii) Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.  
(Tá deich marc ag gabháil le gach ceist díobh).

(30)

- (a) Déan cur síos ar conas mar a fuair Eoraidicé bás.
- (b) Cén chaoi a ndearna Oirféas iarracht í a fháil ar ais? Cén fáth ar theip air?
- (c) Roghnaigh **dhá** fhrása as óráid Eoraidicé a ghéaraíonn a crá croí. Mínigh conas mar a dhéanann siad amhlaidh.
- (d) Mínigh conas mar a léiríonn Veirgil beophictiúr den éadóchas a mhothaigh Oirféas agus bíodh **dhá** shampla as an sliocht in úsáid agat.
- (e) Déan cur síos ar ar tharla d’Oirféas ag deireadh an scéil seo.
- (f) Ainmnigh file Laidine eile ar do chúrsa ar bhain tú taitneamh as a shaothar. Mínigh cén fáth ar bhain tú taitneamh as saothar an fhile seo.

2. Cuir Gaeilge ar:-

[80]

*(Ghlac Téiséas air féin troid a chur ar an Mionótár agus na hAithnigh a shábháil)*

Minos erat rex Cretae. Postquam filius eius Athenis necatus est, Minos Atheniensibus imperavit ut poenas darent. Iussit eos septem puellas septemque iuvenes ad Cretam mittere ut Minotaurus eos consumeret. Rex Atheniensium filium habebat, Theseum nomine. Theseus ipse ad Cretam ire constituit, ut Minotauro occiso ceteros servaret.

Pater autem eius credebat monstrum filium occisurum esse et Theseo persuadere ne iret conatus est. Sed Theseus Athenis cum puellis iuvenibusque discessit. Ubi ad portum Cretae advenerunt, Minos rex eos ad regiam suam duxit.

Minos: *Mionós*

Creta: *an Chréit*

Athenae: *an Aithin*

Atheniensis: *Aithneach*

poenas do: *cuirtear pionós orm*

consumo: *ithim*

monstrum: *arracht, ollphéist*

portus: *calafort*

regia: *pálás*

3. Léigh an sliocht seo thíos agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá ocht marc ag gabháil le gach ceist). [80]

(Cabhraíonn Ariadne le Téiseas an Míonótár a aimsiú agus éalú ón gcathair ghriobháin)

Antequam in labyrinthum, in quo Minotaurus habitabat, ducti sunt, cenam consumpserunt. Iuxta Theseum sedebat Ariadna, filia regis. Ea simulac Theseum conspexit, eum amavit. Post cenam igitur Ariadna ad Theseum venit, gladium linumque ferens. Postquam Ariadna gladium linumque Theseo tradidit, promisit se ad labyrinthum postridie venturam esse ut eos liberaret.

In labyrintho, ceteris prope ianuam relictis, Theseus linum proiectum secutus est dum in medium labyrinthum ad Minotaurum adveniret. Quamquam monstrum tam dirum numquam antea viderat, Theseus gladio facile Minotaurum superavit. Cum Theseus ad ceteros rediisset, omnes exspectaverunt dum Ariadna eos liberaret.

labyrinthus: <i>cathair ghriobháin</i>	consumo: <i>ithim</i>	iuxta: <i>taobh le</i>
simulac: <i>chomh luath agus</i>	linum: <i>snáithe</i>	proicio: <i>caithim chun cinn</i>
monstrum: <i>arracht, ollphéist</i>	dirus: <i>uafásach</i>	

- (i) Cad a rinne na hAithnigh sular treoraíodh isteach sa chathair ghriobháin iad?
- (ii) Cé a bhí suite in aice le Téiseas?
- (iii) Cad a rinne sí chomh luath agus a chonaic sí Téiseas?
- (iv) Cad a rinne Ariadne tar éis an dinnéir?
- (v) Cad a gheall sí go ndéanfadh sí?
- (vi) Cá háit ar fhág Téiseas na hAithnigh eile?
- (vii) Cén chaoi ar éirigh le Téiseas an Míonótár a aimsiú?
- (viii) Cén fáth a bhféadfadh go mba dheacair do Théiseas an Míonótár a mharú?
- (ix) Cad a rinne sé, faoi mar a tharla?
- (x) Cad a rinne Téiseas ina dhiaidh sin?
- (xi) Cad a rinne siad ar fad nuair a tugadh na hAithnigh agus Téiseas le chéile arís?
- (xii) Cén cineál clásail é *Cum Theseus ad ceteros rediisset* (líne 8)? Cén aimsir agus cén modh ina bhfuil an briathar?
- (xiii) Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-  
habito, sedeo, venio, fero, redeo.
- (xiv) Tabhair Tuiseal Tabharthach, Uimhir Uatha **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-  
cena, filia, rex, gladius, ianua.

4. Freagair Roinn A nó Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). [80]

A. Cuir Laidin ar:-

- (a) B'fhear an-chróga é Earcail arbh é rí na ndéithe é a athair. (16)
- (b) Uair amháin d'ordaigh Rí Eoraistéas d'Earcail a lán saothar deacair a dhéanamh. (16)
- (c) Ar dtús cuireadh chuig áit é ionas go dtroidfeadh sé le leon fíochmhar ollmhór. (16)
- (d) Throid Earcail chomh calma sin gur mharaigh sé an leon tar éis roinnt mhaith uaireanta an chloig. (16)
- (e) Tar éis d'Earcail saothrú ar feadh roinnt mhaith blianta scaoil an rí saor é. (16)

*Earcail*: Hercules, -is, f.

*Eoraistéas*: Eurystheus, -ei, f.

## NÓ

B. Cuir Gaeilge ar:-

*(D'fhill an ginearál Camillus ar an Róimh go caithréimeach tar éis dó cathair Veii a ghabháil)*

Ubi Romae nuntiatum est Veios tot post annos captos esse, cives maxime gaudebant, quod bellum tam longum fuerat totque milites occisi erant. Feminae ad templa currebant ut deis gratias agerent. Magna turba civium convenit ut Camillum urbem intrantem salutaret.

Omnes sciebant eum maximum omnium ducum esse. Ille in tam splendida quadriga vectus est, ut nonnulli timerent ne deis ipsis aemularetur. Etiam inter se rogabant num dictator fieri vellet. Camillus autem, duobus novis templis deis promissis, imperium suum statim deposuit. Credebat enim se omnia debita fecisse.

gratias ago: *gabhairm buíochas le*

splendidus: *taibhseach*

quadriga: *carbad*

vehor: *déanaim marcaíocht, beirtear mé*

aemulor (+ Tabharthach): *téim in iomaíocht le*

fio: *déantar x díom*

imperium: *cumhacht*

5. **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A agus Roinn B.

[40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cén cineál náisiúin ab ea an Chartaig nuair a bhí an Chéad Chogadh Púnach ar siúl?
- (ii) Cérbh é Hamilcar Barca? Cén ról a bhí aige sna Cogáí Púnacha?
- (iii) Cad a tharla don Chartaig in 146 R.Ch?
- (iv) Cén mórleasú talún a mhol Tibir Gracchus in 133 R.Ch?
- (v) Cérbh é Bocchus? Cén bhaint a bhí aige leis an gcogadh le Jugurtha?
- (vi) Cérbh é Mithridates? Cén chaoi ar tháinig sé salach ar na Rómánaigh?
- (vii) Cérbh é Caitilíne? Cad a d'fhéach sé lena dhéanamh in 63 R.Ch?
- (viii) Luaigh **dhá** eachtra thábhachtacha i ngníomhréim Crassus.
- (ix) Cé na cumhachtaí a fuair Poimpéas tríd an *lex Gabinia*? Cad chuige?
- (x) Déan cur síos ar **cén chaoi** agus ar **cén fáth** a ndearnadh feallmharú ar Iúil Caesar.

B. Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Hannabal**, ginearál iontach na Cartaige, a chomhlíon mionn a óige go dtabharfadh sé fuath do na Rómhánaigh i gcónaí. (20)

## NÓ

Samhlaigh gur tusa **Sulla** agus go bhfuil tú díreach i ndiaidh éirí as an deachtóireacht. Scríobh litir chuig an Seanad agus cuir síos ar gach rud atá déanta agat ar mhaithe leis an Róimh mar cheannasaí míleata agus mar pholaiteoir araon. D'fhéadfadh sé gur mhian leat roinnt de do ghníomhaíochtaí a chosaint. (20)

6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach. Freagair Roinn A agus Roinn B. [40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cén ról a bhí ag *haruspex* i sochaí na Róimhe?
- (ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaitheadh mná Rómhánacha.
- (iii) Cén ról a bhí ag *dictator* sa stát Rómhánach?
- (iv) Cuir síos ar phríomhghnéithe **agus** ar fheidhm an *atrium* i dteach Rómhánach.
- (v) Cad ba ea an *cursus honorum* i saol polaitiúil na Róimhe?
- (vi) Déan cur síos ar phríomhghnéithe **agus** ar fheidhm *palaestra*.
- (vii) Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** d'ábhair scríbhneoireachta Rómhánacha.
- (viii) Déan cur síos ar an ngaol idir *patronus* agus *cliens* i sochaí na Róimhe.
- (ix) Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le bainiseacha Rómhánacha.
- (x) Cad a tharlaíodh ag searmanas an tSaortha?

B. Féach ar an léaráid thíos de *cena* Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:-



- (i) Déan cur síos ar phríomhghnéithe an *triclinium* i dteach Rómhánach **agus** mínigh cén fath a dtugtar *triclinium* air. (8)
- (ii) Samhlaigh gur cliant tú le Rómhánach saibhir a thug cuireadh duit chuig *cena* speisialta. Scríobh litir chuig cara leat agus déan cur síos ar an ócáid. Luaigh an chaoi a raibh an *triclinium* maisithe, na haíonna, cúrsaí éagsúla an bhéile agus an tsiamsaíocht. (12)

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**